Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

DRÉACHT

# Droichead

## Uirlisí Pleanála agus Ullmhúcháin

## Earnáil Bhunscoile

CC BY NC

# Clár

Curaclam na Bunscoile: Leagan Amach an Ama ........ 1
Teimpléad Samplach Pleanála Fadtéarmaí (Curaclam Teanga na Bunscoile [CTB] san áireamh)... 2
Plean Fadtéarmach a Leagan Amach: Míniú ar na Ceannteidil (CTB san áireamh)........ 3
Teimpléad Samplach Pleanála Gearrthéarmaí (CTB san áireamh) ........ 5
Plean Gearrthéarmach a Leagan Amach: Míniú ar na Ceannteidil (CTB san áireamh)........ 6
Tacaíocht do Chuspóirí Foghlama na Scríbhneoireachta........ 8
Modheolaíocht, Straitéisí agus Cuir Chuige ........ 9
Straitéisí Idirdhealaitheacha/Ionchuimsitheacha do Gach Foghlaimeoir........ 10
Modh na Measúnaithe........ 12
Fianaise ar Mheasúnú........ 15
Cuspóirí Scríbhneoireachta agus Foghlama ........ 17
Teimpléad Samplach do Mhachnamh Seachtainiúil ........ 18
Naíonáin Shinsearacha - Plean Samplach Mata........ 19
Plean Samplach do Rang Speisialta - Béarla (CTB san áireamh) ........ 20
Creatlach Pleanála don Súgradh........ 22



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Curaclam na Bunscoile: Leagan Amach an Ama

| | Lá Iomlán | | Lá Gairid (Ranganna Naíonán) | |
|---|---|---|---|---|
| **Achair Churaclaim** | **SEACHTAIN AMHÁIN** | | **SEACHTAIN AMHÁIN** | |
| | **Uaireanta** | **Nóiméid** | **Uaireanta** | **Nóiméid** |
| **Teagasc Saolta** | | | | |
| **Teanga*** | | | | |
| **T1** | **4** | **00** | **3** | **00** |
| **T2** | **3** | **30** | **2** | **30** |
| **Matamaitic*** | **3** | **00** | **2** | **15** |
| **OSIE** | **3** | **00** | **2** | **15** |
| **OSPS** | **0** | **30** | **0** | **30** |
| **Corpoideachas** | **1** | **00** | **1** | **00** |
| **Oideachas Ealaíon** | **3** | **00** | **2** | **30** |
| **Am curaclaim ar togradh** | **2** | **00** | **1** | **00** |
| **Iomlán ar Theagasc Saolta** | **20** | **00** | **15** | **00** |
| **Oideachas Reiligiúnach (de ghnáth)** | **2** | **30** | **2** | **30** |
| **An Tionóil** | **1** | **40** | **1** | **40** |
| **Glaoch an Rolla** | **0** | **50** | **0** | **50** |
| **Sosanna** | **0** | **50** | **0** | **50** |
| **Caitheamh aimsire (de ghnáth)** | **2** | **30** | **2** | **30** |
| **Iomlán** | **28** | **20** | **23** | **20** |

*Tar éis Chiorclán 56/2011 le héifeacht ó Eanáir 2012:

- Méadú a dhéanamh ar an am a chaitear ar litearthacht go sé uair go leith sna ranganna naíonán agus go hocht uair go leith sna ranganna sinsireacha *le tús áite do chéad teanga na scoile*.i. ***seasca nóiméad breise sa tseachtain.***
- An méid ama a chaitear ar mhatamaitic a mhéadú go trí huaire agus fiche cúig nóiméad sna ranganna naíonáin agus go ceithre uaire agus deich nóiméad sna ranganna sinsireacha i. ***seachtó nóiméad breise sa tseachtain*.**

# Teimpléad Samplach Pleanála Fadtéarmaí (CTB san áireamh)

| **Téarma:** | **Leibhéal an Ranga:** | **Ábhar:** |
|---|---|---|
| **Aidhmeanna:**<br><br>***Aidhmeanna ginearálta nó iomlána*** | | |
| **Ábhar:**<br><br>**(a) Snáitheanna agus Snaithaonaid/Eilimintí:**<br><br>**(b) Foramharc ar na Torthaí Foghlama/Cuspóirí Ábhair atá le múineadh agus/nó samplaí de ghníomhaíochtaí/d'eispéiris foghlama:**<br><br>**(c) Scileanna/Coincheapa/Gnéithe/Feidhmeanna Teanga:** | | |
| **Cuir Chuige, Straitéisí Teagaisc agus Modheolaíochtaí:** | | |
| **Acmhainní:** | | |
| **Idirdhealú/Ionchuimsitheach do Gach Foghlaimeoir:** | | |
| **Measúnú:** | | |
| **Nascadh agus Comhtháthú:** | | |

## Plean Fadtéarmach Samplach a Leagan Amach: Na Ceannteidil a Mhíniú (CTB san áireamh)

| Téarma: | Leibhéal an Ranga: | Ábhar: |
|---|---|---|

**Aidhmeanna:**

Tógtar na haidhmeanna ginearálta don ábhar seo ó na doiciméid churaclaim. Roghnaigh aidhmeanna cuí agus déan cinnte go bhfuil said ag teacht leo siúd a aontaíodh sa Phlean Scoile.

**Ábhar**

**(a)** **<u>Snáitheanna agus Snáithaonaid/Eilimintí</u>**

Roghnaigh snáithe(anna) agus snáithaona(i)d/eilimintí maidir le gach réimse ábhair don téarma. Nasc é leis an bPlean Scoile. Is féidir snáithe(anna) agus snáithaona(i)d/eilimintí a thaifeadadh ar bhonn míosúil, más fear leat.

**(b)** Foramharc ar na **<u>Torthaí Foghlama/Cuspóirí Ábhair</u>** atá le múineadh agus samplaí de **<u>Ghníomhaíochtaí/d'Eispéiris Foghlama</u>**

Roghnaigh ranna ábhartha de na torthaí foghlama/cuspóirí ábhair don téarma agus tabhair samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama.

**(c)** **<u>Scileanna/Coincheapa/Gnéithe/Feidhmeanna Teanga</u>** atá le forbairt:

Meaitseáil na scileanna le na heilimintí/cuspóirí ábhair ábhartha atá roghnaithe.

<u>Sampla ó Churaclam Staire na Naionán</u>

Scileanna: *Ag obair mar staraí; am agus cróineolaíocht, fianaise a úsáid, cumarsáid.*

Tá sé tabháchtach tagairt a dhéanamh don Phlean Scoile chun na snáithaonaid a chlúdófar i scoilbliain faoi leith a fháil amach, i gcás inár eagraíodh ábhar thar thréimhse dhá bhliain m.sh., OSPS.

**Cuir Chuige, Stráitéisí Teagaisc agus Modheolaíochtaí:**

Tabhar srac-chuntas ar na cuir chuige, stráitéisí teagaisc agus modheolaíochtaí chun tacú leis na torthaí foghlama/cuspóirí ábhair agus na scileanna atá roghnaithe m.sh., *Ag obair mar staraí: Seanduine a chur faoi agallamh; Fianaise a úsáid; Grianghraif a úsáid.* Féach chuige go roghnaítear cuir chuige agus modheolaíochtaí éagsúla i rith na bliana. Cuir san áireamh an chaoi a eagrófar an rang maidir le obair bheirte, obair ghrúpa, obair neamhspleách srl. Tá sé riachthanach aird ar leith a thabhairt ar chóras ghrúpála solúbtha a úsáid i rith na bliana.

**Achmhainní:**

Ainmnigh achmhainní ábhartha a usáidfear san ábhar don téarma.


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

| |
|---|
| **Idirdhealú/Ionchuimsitheach do Gach Foghlaimeoir:**<br>Roghnaigh straitéisí ábhartha a bhaineann leis an ábhar atá leagtha amach thuas. Cláraigh líon na ndaltaí a fhaigheann tacaíocht ón Múinteoir Oideachais Speisialta (MOS) agus iad siúd a ndearnadh measúnú orthu agus a bhfuil fáthmheas maidir le riachtanais speisialta oideachais/riachtanais bhreise acu.<br>*D'fhéadfadh na Contanaim Dul chun Cinn atá le fáil ar www.curriculumonline.ie agus mar atá leagtha amach i gCuraclam Teanga na Bunscoile (2019) tacú le múinteoirí idirdhealú a phleanáil i nGaeilge agus i mBéarla.* |
| **Measúnú:**<br>Roghnaigh modhanna measunaithe oiriúnacha. Déan tagairt do 'chontaman na modhanna measúnaithe' (lgh. 12-13) agus Tacsanamaíocht Bloom (lgh. 86-66) i *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile-Treoirlínte do Scoileanna, 2007*) atá le fáil ar https://ncca.ie/ga/bunscoil/measúnú/. |
| **Nascadh agus Comhtháthú:**<br>Déan ábhair a nascadh agus a chomtháthú ach amháin nuair is cuí. Ní mór do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCanna) a bheith feasach ar na réimsí ábhair eile agus topaicí don téarma. Déan tagairt do na doiciméid churaclaim a bhaineann le gach ábhar chun smaointe maidir le nascadh agus comtháthú le hábháir eile a fháil. Nuair a bhíonn nascadh laistigh de Churaclam Teanga na Bunscoile á fhiosrú agat, b'fhiú machnamh ar na naisc a d'fhéadfaí a dhéanamh le torthaí foghlamtha eile sna sé shnáithe de CTB. |

## Teimpléad Samplach Pleanála Gearrthéarmaí (CTB san áireamh)

***Moladh:*** *Féach chuige go bhfuil do phleananna fócasaithe, gonta agus lánbhríoch don rang atá á mhúineadh agat.*

<table>
<tr><td colspan="2">Dáta:   Léibhéal an Ranga:   Ábhar:<br><br>Snáithe:   Snáithaonaid/Eilimintí:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cuspóirí Foghlama/Cuspóirí Ábhar:<br><br>Scileanna:</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Cuspóirí Foghlama/Fócas na Foghlama:</td><td>Gníomhaíochtaí/Eispéiris Foghlama:</td></tr>
<tr><td>Acmhainní:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Idirdhealú/Ionchuimsitheach do Gach Foghlaimeoir:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Measúnú:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Nascadh agus Comhtháthú:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Machnamh:</td></tr>
</table>



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Plean Gearrthéarmach Samplach a Leagan Amach: Na Ceannteidil a Mhíniú (CTB san áireamh)

***Moladh:** Féach chuige go bhfuil do phleananna fócasaithe, gonta agus lánbhríoch don rang atá mhúineadh agat.*

<table>
<tr><td colspan="2">Dáta: Léibhéal an Ranga: Ábhar:<br><br>Snáithe: Snáithaonaid/Eilimintí:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cuspóirí Foghlama/Cuspóirí Ábhar:<br><br>Scileanna: An bhfuil scileanna cuí nar mhór duit díriú orthu sa réimse ábhair seo an tseachtain seo? Déan tagairt do Churaclam na Bunscoile, do Churaclam Teanga na Bunscoile agus d'Uirlis Phleanála na Comhairle Náisiúnta Curaclaim Measúnachta (CNCM).</td></tr>
<tr><td>Cuspóirí Foghlama/Fócas na Foghlama:<br>(Bunaithe ar thorthaí foghlama/chuspóirí ábhair thuas agus réamhfhoghlaim na ndaltaí)<br>*Féach beartas, cleachtas agus nós imeachta do scoile agus cinneadh á dhéanamh agat ar do chur chuige maidir le húsáid cuspóirí foghlama agus tú ag pleanáil d'fhoghlaim teanga.<br>1. An phríomhcheist le cur ort féin sula dtosaíonn tú ná 'Cad ba mhaith leat a fhoghlaimeodh na daltaí an tseachtain seo?' Déan tagairt don phlean fadtéarmach. Roghnaigh na torthaí foghlama/cuspóirí ábhair a oireann don phlean gearrthéarmach/seachtainiúil.<br>2. Déan na torthaí foghlama/cuspóirí ábhair a bhriseadh síos agus a oiriúnú ina gcuspóirí foghlama soláimhsithe, chun riachtanais foghlama na ndaltaí i do rang a léiriú. Cuir scileanna san áireamh mar is cuí.<br>3. Scríobh síos na cuspóirí foghlama. Tosaigh le briathra oiriúnacha chun na cuspóirí foghlama a chur in iúl m.sh., aithin, dean cur síos, dean</td><td>Gníomhaíochtaí/Eispéiris Foghlama:<br>(Bunaithe ar Chuir Chuige/Straitéisí Teagaisc/Mhodheolaíochtaí sa phlean fadtéarmach.)<br>1. Is í an phríomhcheist anseo ná 'Conas a éireoidh liom na torthaí foghlama/cuspóirí foghlama a bhaint amach?<br>2. Smaoinigh ar na modheolaíochtaí agus na gníomhaíochtaí foghlama is oiriúnaí chun na torthaí/cuspóirí foghlama a bhaint amach, ar nós Éist agus Freagair le scéal (m.sh., Ulcabháin Óga-Naíonáin Shinsearacha).<br>Caint agus Plé: Ceistiú, bunaithe ar an scéal; obair bheirte; eachtraí a tharla ar dtús/ina dhiaidh sin/ag deireadh an scéil a thabhairt chun cuimhne.<br>Dráma Tobchumtha: Glacfaidh na daltaí ról duine de na carachtair sa scéal.<br>Foghlaim Ghníomhach: Cabhróidh na daltaí leis an múinteoir na pictiúirí ón scéal a chur in ord (cártaí i bhformaid mhór).<br>Smaoinigh freisin ar an tslí a dhéanfaidh</td></tr>
</table>



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

| | |
|---|---|
| *comparáid srl.* Féach ar lch. 8 den doiciméad seo chun tacú leat cuspóirí foghlama a scríobh.<br>4. Féach chuige go bhfuil cuspóirí foghlama sainiúil, indéanta, réalaíoch agus gur féidir iad a mheasúnú.<br>Úsáidfid an múinteoir breithiúnas gairmiúil chun cinntí a dhéanamh faoin méid ar chóir a phleanáil don rang agus faoin méid ama a chuirfear i leataobh don ábhar an tseachtain seo. | **tú an rang a eagrú agus a bhainistiú ó thaobh obair bheirte, obair ghrúpa, obair aonair agus obair iomlánach.**<br><br>**Acmhainní:**<br>Na hacmhainní cuí atá beartaithe agat a úsáid an tseachtain seo chun tacú leis an bhfoghlaim atá leagtha amach thuas a aithint agus a liostú**.** |
| **Idirdhealú/Ionchuimsitheach do Gach Foghlaimeoir:** Conas a dhéanfaidh tú idirdhealú sa cheacht do dhaltaí a bhfuil cumais éagsúla acu lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais/riachtanais bhreise acu nó daltaí atá sárchumasach? Ba cheart tagairt a dhéanamh do dhaltaí aonair le túslitreacha amháin. Ba chóir ainmneacha grúpaí a úsáid freisin. Bí sainiúil i gcónaí (dalta nó grúpa ar leith-gníomhaíocht ar leith). Seachain ginearáluithe. D'fhéadfadh na Contanaim Dul chun Cinn atá le fáil ar www.curriculumonline.ie agus mar atá leagtha amach i gCuraclam Teanga na Bunscoile tacú le múinteoirí idirdhealú a phleanáil i nGaeilge agus i mBéarla. | |
| **Measúnú:** Conas a dhéanfaidh tú measúnú ar an méid ata foghlamtha ag na daltaí? Féach lgh. 12-14 den doiciméad seo le haghaidh liosta de na modhanna a thacaíonn le Measúnú chun Foghlama (McF) agus Measúnú den Fhoghlaim (MdF). Roghnaigh na modhanna sonracha agus is oiriúnaí. | |
| **Nascadh agus Comhtháthú:** Conas a dhéanfá naisc san fhoghlaim laistigh de réimse ábhair amháin agus idir ábhair éagsúla? Déan tagairt d'*Imlitir 0056/2011 maidir le comhtháthú na Litearthachta agus na hUimhearthachta*. Ceist gur mhiste leat a chur ort féin agus tú ag fiosrú naisc laistigh de Churaclam Teangacha na Bunscoile ná na naisc a d'fhéadfaí a dhéanamh le foghlaim eile torthaí thar na sé shnáithe den CTB. | |
| **Machnamh:**<br>Féach an *Teimpléad Samplach do Mhachnamh Seachtainiúil* ar lch. 18 den doiciméad seo chun tacú le do chuid machnamh. | |

## Tacaíocht do Chuspóirí Foghlama

Beidh na briathra seo a leanas úsáideach chun cuspóirí foghlama a scríobh. Tá siad bunaithe ar Thacsanamaíocht Bloom agus tugann said tacaíocht cuspóirí foghlama ó léibhéal íseal go hardoird a fhorbairt agus a shainaithint.

**Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:**

| Eolas<br>*Tabhair chun cuimhne* | Tuiscint<br>*Míniú* | Cur i bhFeidhm<br>*Úsáid* | Anailíís<br>*Mionscrudú a dhéanamh ar* | Sintéis<br>*Déan nua é* | Meastóireacht<br>*Breithiúnas a dhéanamh* |
|---|---|---|---|---|---|
| léirigh<br>déan cur síos<br>ar<br>aimsigh<br>aithint<br>lipéadaigh<br>liostaigh<br>aimsigh<br>meaitseáil<br>ainmnigh<br>feidhmigh<br>tabhair chun<br>cuimhne<br>taifead<br>inis<br>aithris<br>tuairiscigh<br>roghnaigh<br>taispeáin<br>litrigh | socraigh<br>gaolaigh<br>rangaigh<br>bailigh<br>déan<br>comparáid le<br>déan<br>codarsnacht le<br>léirigh<br>mínigh<br>aimsigh<br>tabhair samplaí<br>grúpáil<br>bain de thátal as<br>léirmhínigh<br>lipéadaigh<br>éist<br>meaitseáil<br>ordaigh<br>eagraigh<br>leag amach<br>tuar<br>ceistigh<br>athscríobh<br>roghnaigh<br>cuir ord ar<br>comhroinn<br>taispeáin<br>achoimrigh | cuir i bhfeidhm<br>tóg<br>ríomh<br>forbair<br>pléigh<br>meas<br>scrúdaigh<br>déan<br>turgnamh ar<br>mínigh<br>aithint<br>cuir faoi<br>agallamh<br>déan<br>mapáil<br>múnlaigh<br>eagraigh<br>pleanáil<br>atheagraigh<br>tuairiscigh<br>ceartaigh<br>roghnaigh<br>réitigh<br>úsáid<br>úsáid as<br>úsáid le | déan anailís ar<br>toimhdigh<br>rangaigh<br>aicmigh<br>déan<br>comparáid le<br>déan<br>codarsnacht le<br>faigh amach<br>déan idirdhealú<br>roinn<br>scrúdaigh<br>feidhm<br>tátal<br>déan<br>cigireacht ar<br>inspreagadh<br>gaolmhaireachtaí<br>simpligh<br>scrúdaigh<br>páirt a ghlacadh<br>sa<br>déan tástáil le<br>haghaidh<br>téama | oiriúnaigh<br>tóg<br>athraigh<br>roghnaigh<br>comhoibrigh<br>comhcheangail<br>tiomsaigh<br>cum<br>cruthaigh<br>dear<br>forbair<br>pléigh<br>léirigh go<br>mion<br>meas<br>tarlaigh<br>samhlaigh<br>feabhsaigh<br>ceap<br>mionathraigh<br>tionscain<br>pleanáil<br>tuar<br>mol<br>réitigh<br>cuir i gcás<br>tástáil | aontaigh<br>déan breithmheas<br>measúnaigh<br>bronn<br>gradam ar<br>roghnaigh<br>déan comparáid le<br>tabhair critéir<br>socraigh<br>oibrigh amach<br>cosain<br>bréagnaigh<br>meas<br>mínigh<br>tábhacht<br>tionchar<br>léirmhínigh<br>údar a<br>thabhairt le<br>marcáil/rátáil<br>tomhais<br>tuairim<br>braith<br>tabhair tús áite do<br>cruthaigh<br>mol<br>roghnaigh<br>tacaigh<br>léirigh |

# Modheolaíocht, Straitéisí agus Cuir Chuige

Ní liosta iomlán é seo. Le haghaidh tuilleadh tacaíochta féach ar Modheolachtaí Foghlama Gníomhaí. Ba chóir meascán modheolaíochtaí, straitéisí agus cuir chuige teagaisc a úsáid chun daltaí a inspreagadh, a mhealladh agus chun freastal ar stíleanna éagsúla foghlama.

## I bpáirt ag na hábhair go léir

**Foghlaim ghníomhach**
**Teagaisc díreach**
**Fionnachtain/Fiosrú faoi threoir**
**Caint agus plé**
**Fadhbréiteach**
**Foghlaim chomhoibritheach**
**An timpeallacht a úsáid**
**Scileanna trí ábhar**
**TFC* a úsáid**
**Saorthaiscéalaíocht ar ábhair**
**Ag foghlaim trí shúgradh**

## Gaeilge

*Feasacht teanga*
*CLIL/FCÁT*
- Modh na sraithe
- Modh na lánfhreagartha gníomhaí
- An modh closlabhartha
- Modh na ráite,
- An modh díreach

**Teanga Ó Bhéal**
- Aithris
- Athrá
- Athinsint
- Suíochán Té/Am Ciorcail
- Labhairt agus plé
- Cluichí teanga
- Scéalaíocht
- Drámaíocht Tobchumtha
- Úsáid filíochta agus rime
- Foghlaim tascbhunaithe
- Múineadh na Gaeilge trí Ghaeilge
- Malaí Scéalaíochta
- Dramaí Puipéid
- Drámaíocht Shochdhrámúil
- Súgradh Struchtúrtha
- Rolghlacadh/Dráma
- Cuairteanna/Turais

**Léitheoireacht**
- Ag léamh do pháistí
- Léitheoireacht mhúnlaithe
- Léitheoireacht i gcomhpháirt
- Léitheoireacht faoi threoir
- Léitheoireacht neamhspleách
- Grúpaí plé i gcomhair leabhar
- Léitheoireacht bheirte
- Úsáid na leabharlainne
- Aistear

**Scríbhneoireacht**
- Taithíocht ó bhéal
- Scríbhneoireacht mhúnlaithe
- Scríbhneoireacht i gcomhpháirt
- Scríbhneoireacht faoi threoir
- Scríbhneoireht neamhspleách
- Próiseas na Scríbhneoireachta (dréachtú agus athdhréachtú)
- Saorscríbhneoireacht
- Cur chuige taithí teanga
- Cur i láthair do lucht féachana
- Patrun le hAghaidh na Lámhscribhneoireachta
- Scriobhneoireacht Reatha
- An Cheardlann Scribhneoireachta

## Eolaíocht

- Saorthaiscéalaíocht ar ábhair
- Imscrúduithe oscailte/dúnta
- Mínithe: Líníochtaí anótáilte
- Mapaí coincheapa agus tobsmaointeacht
- Taiscéalaíocht laistigh/lasmuigh
- Obair allamuigh
- Saothar linbh a úsáid

## Ceol

- Cantaireacht
- Glaoigh agus freagair
- Scafláil amhairc
- Lámhchomharthaí Kodaly leis ansólfá tonach
- Bualadh bos, stiúradh, mairseáil, rince
- Fuaimeanna a thaifeadadh trí shiombailí grafacha a úsáid
- Gluaiseacht rinceoirí a mhimeáil
- Aithris a dhéanamh ar fhuaimeanna comhshaoil le cnagadh coirp
- Freagairtí éagsúla a thabhairt ar cheol
- Cluichí canta agus amhráin ghníomhaíochta

## Drámaíocht

- Íomhá neamhbheo
- Rianú smaointe
- Spás a shainiú
- Mím
- Insint
- Diancheistiú
- Mionteagasc
- Cúl splanc/splanc ar aghaidh
- Rian coinsiasa
- Dréachtú fuaime
- Deasghnáth
- Múinteoir i Ról

## Stair

- Scéal
- Fianaise dhoiciméadach a úsáid
- Déantáin a úsáid
- Pictiúir agus grianghraif a úsáid
- Fianaise ó bhéal a úsáid
- Drámaíocht agus rólghlacadh
- Obair allamuigh
- Staidéar ar dhalta
- Mapaí choincheapa agus tobsmaointeoireacht
- Línte forbartha a thaispeáint

## OSPS

- Am ciorcail
- Am smaoinimh
- Tobsmaointeoireacht
- Agallaimh struchtúrtha
- Cluichí comhoibritheacha
- Samhaltuithe
- Teanga ghrianghraif
- Rólghlacadh/Gníomhaíochtaí drámaíochta
- Díospóireacht siúil
- Aontú/easaontú
- Diamant a naoi/Rangú
- Cinnteoireacht ghrúpa
- Fadhbréiteach chomhoibritheach
- Suirbhéanna agus ceistneoirí adhearadh agus a sheoladh
- Saorscríbhneoireacht
- Scríbhneoireacht mhachnamhach

## Matamaitic

- Ábhair nithiúla a úsáid
- Eiseamláiriú: scileanna, straitéisí agus teanga
- Cur chuige ó bhéal i leith mata meabhrach
- Straitéisí meastóireachta
- Áireamháin a úsáid
- Imscrúduithe
- Cosáin mhata lasmuigh

## Tíreolaíocht

- Obair allamuigh
- Imscrúduithe oscailte/dúnta
- Grianghraif a úsáid
- Agallaimh
- Scéal
- Suirbhéanna
- Samhaltuithe agus múnlaí
- Obair léarscáile

## Corpoideachas

- Múinteoireacht ó stáisiúin
- Cluichí comhoibritheacha
- Múinteoireacht bunaithe ar ghreille
- An ghluaiseacht a thaiscéaladh (gleacaíocht agus damhsa)
- Cluichí a mhúineadh ar mhaithe le tuiscint
- Foghlaim bunaithe ar fhadhb
- Leabhair, íomhánna agus físeáin a úsáid mar spreagradh

## Na hAmharcealaíona

- Ag obair ó thaithí
- Ag obair ón tsamhlaíocht
- Ag obair ó bhreathnóireacht agus ó fhiosracht
- Ábhair agus uirlisí a scrúdú

## Béarla

***Múineadh ar mhaithe le scileannaa aistriú idir teangacha***

***Teanga ó bhéal***
- Teanga a eiseamláiriú
- Caint agus plé
- Spraoi agus cluiche
- Scéalta
- Drámaíocht Tobchumtha
- Filíocht agus rím a úsáid
- Leabhair pictiúir/leabhair gan fhocail
- Málaí scéalta/Imirt le puipéid
- Smaointeoireacht chriticiúil agus cur chuige leabhar a phlé
- Tascanna cainte aonair agus grúpa
- Smaoinigh/péireáil/comhroinn
- Óráidíocht phoiblí

***An Léitheoireacht***
- Léamh do pháistí
- Léitheoireacht eiseamláraithe
- Eispéireas teanga
- Léitheoireacht i bpáirt
- Léitheoireacht threoraithe
- Léitheoireacht neamhspleách
- Grúpaí á phlé leabhair
- Léitheoireacht bheirte/Budaí/ Piarléitheoireacht
- An leabharlann a úsáid
- Léitheoireacht le cuspóir
- Treoir Straitéise Léamhthuisceana
- Leabhair gan Fhocail
- Spraoi Sochdhrámata

***Scríbhneoireacht***
- Dul i dtaithí ar aithris ó bhéal
- Saorscríbhneoireacht
- Scríbhneoireacht dheilbhithe
- Scríbhneoireacht chomhroinnte
- Scríbhneoireacht threoraithe
- Scríbhneoireacht neamhspleách
- Scríbhneoireacht próisis
- Eispéireas teanga
- Cur i láthair do lucht féachana
- Pátrúin scríbhneoireachta
- Forbairt na scileanna mhínluaile
- Ceardlann Scribhneoireachta

## Cur Chuige

Taispeántar sa léaráid seo roghchlár de straitéisí idirdhealaitheacha/ionchuimsitheacha do gach foghlaimeoir. Is samplaí léiritheacha amháin iad agus ba chóir don mhúinteoir sampla a bhaineann lena ndaltaí féin a chur ina n-áit. Méadófar an cumas idirdhealú/cur chuige atá ionchuimsitheach do gach foghlaimeoir a phleanáil de réir mar a chuireann an múinteoir aithne ar na daltaí. Is féidir go dtacóidh na Contanaim Dul chun Cinn atá ar fáil ag www.curriculumonline.ie leis an idirdhealú a dhéanfaidh an múinteoir sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Sa Phlean Gearrthéarmach, déanfar tuilleadh forbartha ar na straitéisí idirdhealaitheacha/ ionchuimsitheacha do gach foghlaimeoir agus ba chóir iad a bhunú ar mhachnamh ar riachtanais agus láidreachtaí na ndaltaí.

| Ag pleanáil le haghaidh cur chuige ionchuimsitheach a chur i bhfeidhm ar fud an churaclaim (Rang a Cúig) | | | |
|---|---|---|---|
| **De Réir** | **Straitéise** | **Míniú** | **Conas a úsaidim an straitéis seo chun tacú le hidirdhealú-samplaí** |
| **Ábhar Foghlama** | Leibhéal | Déanann an múinteoir leibhéal agus castacht an ábhair a éagsúlú chun léiriú a thabhairt ar ghnóthachtáil an dalta roimhe seo. | Tabharfar ábhar léitheoireachta do FB, SR, BT agus BC lena léamh go neamhspleách agus iad ag leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar a scileanna. |
| | Seicheamh | Tugtar réamheolas don dalta ar ghnéithe éagsúla den ábhar foghlama de réir na céime ullmhachta atá aitheanta. | Iarrfar ar SR, BC, TP agus GO'D buille píosaí éagsúla ceoil a thapáil ar dtús sula n-iarrfar orthu an rithim a thapáil. |
| **An Próiseas Foghlama** | Stíl teagaisc | Úsáidtear modheolaíochtaí éagsúla ag féachaint do na slite éagsúla foghlama atá ag daltaí. | Úsáidfear ceistiúchán ardoird níos minice chun dúshlán a chur faoi DF, GH agus SF ina gcuid foghlama. Cuirfear ábhair nithiúla ar fáil ar gach deasc mar thacaíocht roghnach do na daltaí. |
| | Tasc | Socraítear roinnt tascanna bunaithe ar an ngníomhaíocht foghlama chéanna. Bíodh na tascanna ar leibhéal difriúla castachta. | Is féidir tascanna agus cluichí a úsáid chun an fhoghlaim a chomhdhlúthú agus a leathnú i gcás na ndaltaí ar fad. Coimeádfar súil i gcónaí ar leibhéal na dtascanna a thabharfar do na grúpaí buí agus gorm le cinntiú go bhfuil dúshlán go leor iontu. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Luas | Is féidir le múinteoirí luas an teagaisc agus an ráta a gcaithfidh na daltaí an obair a dhéanamh agus torthaí a bhaint amach a athrú. | Spreagfar DF agus GH chun dul go tapa trí chéimeanna luatha tasc agus ansin na céimeanna deiridh a dhéanamh ar shlí níos moille chun obair den scoth a dhéanamh. Tabharfar dóthain ama do FB chun dul trí na céimeanna difriúla le tacaíocht ón múinteoir. |
| | Spéis | Deartar an tasc bunaithe ar ábhair spéise na ndaltaí. | I ngníomhaíochtaí teanga ó bhéal do FB, díreofar ar sacar agus ábhair spéise eile. |
| | Rogha | Is féidir le daltaí gníomhaíochtaí a oireann dá gcumas agus ina bhfuil níos mó spéise acu iontu a roghnú. | Tabharfar deis do DF dul níos faide ná an tasc fiosraithe atá leagtha amach don rang. |
| | Tacaíocht | Déanann an múinteoir cineál na tacaíochta a éagsúlú de réir riachtanais an dalta aonair. | Cuirfear teimpléid ar fáil chun tacú le SR agus BT agus iad ag cur a gcuid obair scríofa i láthair. Úsáidfear tóraíochtaí gréasáin chun foghlaim daltaí áirithe ar thopaicí éagsúla a fhorbairt. |
| | Acmhainn | Tugtar ábhair/acmhainní foghlama do na daltaí atá i gcomhréir lena leibhéal riachtanas foghlama aonair féin. | Cuirfear leabhair thagartha ina mbeidh téacs níos dúshlánaí agus smaointe agus teanga níos casta ar fáil do DG agus VH. |
| **Torthaí Foghlamtha** | Freagra | Beidh deiseanna ag na daltaí chun torthaí difriúla a bhaint amach agus iad ag obair ar an tasc céanna. | Déanfar tuiscint BC ar thopaicí éagsúla a mheasúnú trí éisteacht le cur i láthair ó bhéal a thacófar le líníochtaí/léaráidí seachas le tuarascáil scríofa. |
| **Contanaim Dul chun Cinn** | Toradh | Is féidir le múinteoirí na Contanaim Dul chun Cinn a úsáid chun obair a idirdhealú de réir raon cumas na ndaltaí sna trí chomhthéacs teanga. | Tá an rang iomlán ag díriú ar...<br><u>Snáithe:</u> Teanga ó bhéal;<br><u>Eilimint:</u> Cumarsáid a dhéanamh<br><u>Toradh Foghlama</u>: Téacsanna a roghnú, freagairt go criticiúil dóibh, agus téacsanna a chruthú i réimse seánra í trasna an churaclaim i gcomhair pléisiúir, spéise agus cuspóirí áirithe, agus i dteangacha éagsúla nuair is cuí.<br><u>Céimeanna Dul chun Cinn</u>:<br>• MG: b<br>• Grúpa Buí; f<br>• Grúpa Dearg: g<br>• Grúpa Gorm: h<br>• EF agus AW: j |

## Modhanna Measúnaithe

Tá roghchlár modhanna measúnaithe ar fáil sa tábla seo, atá oiriúnaithe ó *Churaclam na Bunscoile* (ROS, 1999) agus *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna*, (CNCM, 2007). Níl sna samplaí ach samplaí ginearálta agus ba chóir don mhúinteoir samplaí a bhaineann leis na daltaí ina rang(anna) féin a chur ina n-áit.

**Sa Phlean Gearrthéarmach, déanfar forbairt ar na modhanna measúnaithe maidir le gach ábhar.**

| Ag pleanáil le haghaidh cur chuige ionchuimsitheach a chur i bhfeidhm ar fud an churaclaim (Rang a Cúig) | | |
|---|---|---|
| **Modh** | **Míniú** | **Conas a úsáidim an modh chun tacú le measúnú i mo rang** |
| **Féinmheasúnú**<br><br>*Treoirlínte Measúnaithe*: lch.14 | Déanann na daltaí machnamh ar an obair atá déanta acu trí cheisteanna a chur othu féin: *Cad a rinne mé go maith? Cá raibh deacracht agam? Cad a d'fhéadfainn a fheabhsú an chéad uair eile?* | Úsáidim raon uirlisí féinmheasúnaithe, agus iad seo a leanas san áireamh:<br>Rubraicí<br>Greillí KWL<br>Ceisteanna<br>Ordóga suas/Ordóga síos<br>Bileoga meastóireachta<br>Páirtithe cainte |
| **Comdháil**<br><br>*Treoirlínte Measúnaithe*: lch. 24 | Cabhraíonn an múinteoir leis an páiste machnamh a dhéanamh ar an obair atá déanta. | Tá go leor deiseanna ag na daltaí labhairt faoina gcuid oibre lena bpáirtnéirí, i ngrúpaí beaga nó leis an rang ar fad. Seo cuid de na ceisteanna a úsáidim mar threoir don idirghníomhaíocht seo:<br>*Cad a bhí éasca a dhéanamh? An raibh aon rud deacair ann? Cén chuid a bhí an-deacair? Cá gceapann tú go bhfuil tuilleadh cabhrach uait?* |
| **Fillteáin Tionscadail**<br><br>*Treoirlínte Measúnaithe*: lch. 30 | Is féidir samplaí d'obair an dalta a úsáid mar fhócas don mhúinteoir agus don dalta chun an dul chun cinn atá déanta agus an feabhas atá ag teastáil a aithint. Is féidir samplaí oibre a bhailiú i bhfillteán sa seomra ranga agus bíonn siad úsáideach agus an múinteoir ag tuairisciú do thuismitheoirí chomh maith le hiad a chur ar aghaidh chuig an gcéad mhúinteoir eile a bheidh ag an dalta. | Molaim fillteáin tionscadail a úsáid sna hAmharcealaíona, sa scríbhneoireacht chruthaitheach agus san Eolaíocht (dear agus déan). D'úsáid mé grianghraif scanta de shamplaí oibre déthoiseacha agus tríthoiseacha na bpáistí sna hAmharcealaíona chun go mbeidh fillteáin tionscadal ditigeach ann do gach páiste. |

| | | |
|---|---|---|
| **Léarscáiliú coincheapa**<br><br>*Treoirlínte Measúnaithe* lch. 36 | Cuireann an dalta an t-eolas agus an tuiscint atá acu ar thopaic ar fáil i bhfoirm ghrafach. Níos déanaí, athraíonn agus leathnaíonn an dalta an mapa chun an fhoghlaim nua a chur san áireamh ann. | Uaireanta, tugaim seans do na páistí mapaí coincheapa a úsáid ag tús agus ag deireadh an aonaid oibre. |
| **Ceistiú**<br><br>*Treoirlínte Measúnaithe* lch. 42 | Cuirtear réimse ceisteanna os comhair an dalta chun an dul chun cinn atá déanta san fhoghlaim a mheas. | Úsáidim ceisteanna éagsúla chun tuiscint fhorásach an dalta ar fhoghlaim nua a mheas. Ina measc bíonn ceisteanna dúnta (m.sh., *Cén t-ainm atá ar an gcruth tríthoiseach seo?)* agus ceisteanna níos oscailte a spreagann smaointeoireacht ag léibheáil níos airde (m.sh., *An bhfeiceann tú cruth déthoiseach sa seomra ranga a bhfuil línte siméadrachta aige?).* |
| **Dírbhreathnú an múinteora**<br><br>*Treoirlínte Measúnaithe* lch. 46 | Déanann an múinteoir dírbhreathnú ar shúgradh agus ghníomhaíocht an dalta, ar obair scríofa, ar phlé agus ar cheistiú an dalta le linn obair obair ranga nó ghrúpa. Is féidir láidreachtaí agus dúshláin ar leith a thaifeadadh. | Bíonn an dírbhreathnóireacht dírithe ar gach cineál foghlama agus idirghníomhaíochta sóisialta idir na páistí laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Coimeádaim cuimhne ar fhormhór na rudaí a thugaim faoi deara acu uaireanta breacaim síos nóta. |
| **Tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir**<br><br>*Treoirlínte Measúnaithe* lch. 54 | Tugann an múinteoir tascanna agus trialacha do na daltaí chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an dalta aonair. | Tugtar tascanna agus trialacha do na daltaí go minic. Úsáidim na sonraí mar mhodh breise chun fianaisea bhailiú ar fhoghlaim an dalta. Tugtar tascanna foghlama an t-am ar fad ar fud an churaclaim. I measc na dtrialacha béil agus scríofa is minice a thugtar ná táblaí iolrúcháin ó bhéal go laethúil; trialacha athbhreithnithe agus comhdhlúthaithe bunaithe ar na coincheapa agus na scileanna ar pléadh leo in aonad foghlama. |
| **Próifílí dalta** | Bailíonn an múinteoir eolas measúnaithe faoin dalta agus úsáidtear é sin chun dul chun cinn san fhoghlaim a aithint. | Coimeádtar próifíl dalta do gach dalta agus bíonn sonraí inti d'fhoghlaim an dalta i ngach réimse den churaclam mar aon le measúnú ar ghnéithe eile d'fhorbairt an dalta,m.sh., forbairt shóisialta, forbairt mar fhoghlaimeoir neamhspleách. Comhroinntear an phróifíl le tuismitheoir an dalta agus le baill ábhartha den fhoireann scoile. Comhroinntear an phróifíl le tuismitheoir an pháiste agus le foireann teagaisc na scoile mar is cuí. |

<table>
<tr>
<td>Trialacha caighdeánaithe<br><br>Treoirlínte Measúnaithe lch. 60</td>
<td>Úsáidtear triail chaighdeánaithe chun gnóthachtáil dalta sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic a thomhas i gcomparáid le daltaí eile ar fud na tíre ag an leibhéal ranga céanna nó ag an aoisléibhéal céanna.</td>
<td>Tugann an múinteoir ranga an triail chaighdeánaithe do na daltaí de réir Phlean na Scoile. Comhroinntear na torthaí leis na tuismitheoirí sa tuairisc scoile i lár an Mheithimh.<br><u>Matamaitic:</u> Tugtar (Cuir isteach ainm na trialach) sa tríú seachtain de Bhealtaine.<br><u>Bearla:</u> Tugtar (Cuir isteach ainm na trialach) sa dara seachtain de Bhealtaine</td>
</tr>
<tr>
<td>Contanaim Dul chun Cinn<br><br>Curaclam na Bunscoile</td>
<td colspan="2">Déantar cur sios níos mine sa Chontanam Dul chun Cinn ar ghnéithe de thorthaí foghlama Churaclam na Bunscoile (2019). Tá trí cinn de Chontanaim Dul chun Cinn ann, ceann amháin do gach snáithe, agus tá dhá leagan dé gach contanam—leagan Béarla agus leagan Gaeilge.<br><br>I dteannta a chéile, déantar cur síos sna contanaim ar thuras foghlama teanga ó thús deireadh na bunscoile. Is féidir le daltaí bheith in áiteanna difriúla ar an gcontanam maidir le torthaí foghlama éagsúla agus i snáitheanna difriúla. Is léiriú é sin ar nádúr casta na foghlama teanga. In éineacht le sin, is féidir go mbogfaidh páistí soir agus siar ar an gcontanam. Tugann na contanaim tacaíocht phraiticúil do mhúinteoirí pictiúir shaibhre a thógáil d'fhoghlaim daltaí sna teangacha agus na pictiúir sin a úsáid chun tacú le dul chun cinn daltaí i leith torthaí foghlama sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Ní bhítear ag súil go ndéanfaidh múinteoirí ranga dul chun cinn daltaí aonair a mheasúnú le mórchéimeanna dul chun cinn. Ina ionad sin, cuireann siad eolas ar fáil chun tacú le pleanáil agus le measúnú iomlánach d'fhoghlaim na ndaltaí.<br><br>Tá na Contanaim Dul chun Cinn ar fáil ag www.curriculumonline.ie</td>
</tr>
</table>

# Fianaise ar Mheasúnú

Tacaíonn d'Fhillteán Measúnaithe le do chleachtas measúnaithe trí áit ar leith a thabhairt duit inár féidir eolas ábhartha a bhailiú agus a thaifeadadh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil an ranga ar fad agus ar fhoghlam gach dalta aonair. Bailítear an t-eolas seo nó *fianaise ar fhoghlaim* trí úsáid a bhaint as modhanna measúnaithe éagsúla le linn na bliana.

Ní cuspóir ann féin é an t-eolas a bhailiú san Fhillteán Measúnaithe. Is é an úsáid a bhaineann tú as an bhfaisnéis seo an rud is tábhachtaí. Is féidir an t-eolas a úsáid chun tacú leat agus tú:

- **ag tuairisciú** ar dhul chun cinn foghlama agus ghnóthachtáil an dalta do thuismitheoirí, don dalta, do Fhoireann Oideachais Speisialta, don phríomhoide agus do ghairmithe eile. **Measúnú den Fhoghlaim (MdF)** a thugtar ar an gcineál eolais measúnaithe seo.
- **ag aithint na chéad chéimeanna** eile d'fhoghlaim an dalta. Ní mór do mhúinteoirí breathnú ar dhaltaí agus a gcuid oibre a mheasunú, mar bhunús leis na cinntí a dhéanann siad agus iad ag pleanáil agus ag ullmhú don mhúineadh, don fhoghlaim agus don mheasúnú. Mar shampla, ba chóir machnamh ar an gceist seo: *cad a insíonn an sampla seo d'obair an dalta dom faoi na rudaí a chaithfidh mé a dhéanamh anois chun cabhrú leo feabhsú?* Ba chóir an measúnú chun foghlama leanúnach seo a úsáid nuair a bhíonn aiseolas á thabhairt do dhaltaí, chun cabhrú leo a gcuid foghlama féin a stiúradh agus rath a bhaint amach. Ní an múinteoir amháin atá freagrach as an measúnú ach an dalta agus a bpiaraí freisin trí úsáid a bhaint as féinmheasúnú agus piarmheasúnú. **Measúnú chun Foghlama (McF)** a thugtar ar an gcur chuige measúnaithe seo.

Ní mór cuimhneamh ar chuspóir an Fhillteáin Measúnaithe agus cinntí á dhéanamh faoi na rudaí a chuirfear isteach ann. Is é a chuspóir eolas measúnaithe a chomhbhailiú, a anailísiú agus a úsáid mar bhonn le pleanáil agus ullmhúchán an mhúinteora. Ba chóir go dtacódh d'Fhillteán Measúnaithe leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim sa seomra ranga.

Is féidir an Fillteán Measúnaithe a roinnt ina dhá chuid:

### Roinn A: Cuntais Ghinearálta Ranga

Is féidir torthaí agus anailís ar thrialacha caighdeánaithe, seicliostaí ranga, torthaí scrúduithe ranga srl. a chur sa roinn seo.

### Roinn B: Próifílí dalta

Is féidir foranna a dhéanamh den roinn seo, le ceann amháin do gach páiste. Is féidir an t-eolas seo a leanas maidir le gach páiste a chur san áireamh:

- Ainm agus leibhéal ranga an dalta
- Ábhair spéise
- Láidreachtaí agus riachtanais foghlama
- Cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí: dátaí, fadhbanna, bearta a rinneadh
- Breathnóireachtaí maidir le réimsí ábhair (dátaigh iad seo i gcónaí)
- Samplaí roghnaithe d'obair an dalta* (dátaithe)

**Ba chóir samplaí d'obair páistí a roghnú bunaithe ar a n-úsáid:**

- Dul chun cinn san fhoghlaim a thuairisciú do thuismitheoirí agus daoin eile (Measúnú den Fhoghlaim - MdF)
- Na chéad chéimeanna eile atá riachtanach chun foghlaim an dalta a fheabhsú (Measúnú chun Foghlama - McF)

**Cuimhnigh:**

- Seiceáil le príomhoide na scoile nuair a bhíonn sonraí agus anailís measúnaithe á roghnú le cur san fhillteán. Is féidir go mbeidh impleachtaí ag beartas cosanta sonraí agus beartas measúnaithe na scoile don roghnú seo. Mar shampla, ní gnách tuarascálacha measúnaithe síceolaíochta a churi bhFillteáin Mheasúnaithe.
- Cuir fíricí isteach nuair a bhíonn breathnóireacht á taifeadadh. Dátaigh an bhreathnóireacht.
- Stóráil na fillteáin mheasúnaithe in áit shábháilte. Seiceáil beartas coinneála chuntais na scoile.

***Is fearr líon beag samplaí atá roghnaithe go cúramach le linn na bliana seachas lear mór samplaí a chur isteach i d'Fhillteán Measúnaithe.**

## Cuspóirí Scríbhneoireachta agus Foghlama

**<u>Céim 1:</u> Roghnaigh an cuspóir/na cuspóirí ábhair a oireann don phlean gearrthéarmach /seachtainiúil (**Déan tagairt don phlean fadtéarmach/téarma).

Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:

- Raon d'ábhair choitianta a úsáidtear sa gharthimpeallacht a aithint agus a imscrúdú: *Bia agus a tháthchodanna, ábhair a úsáidtear i dtógáil foirgneamh, ábhair a úsáidtear chun troscán a dhéanamh, ábhair a úsáidtear chun éadaí a dhéanamh, ábhair a úsáidtear chun uirlisí a dhéanamh, ábhair a úsáidtear chun bréagáin nó fearas scoile a dhéanamh.*
- Cur síos ar ábhair agus iad a chur i gcomparáid lena chéile, agus difríochtaí datha, crutha agus uigeachta eatarthu a thabhairt faoi deara
- Tosú ar ábhair nádúrtha agus ábhair shaorga a idirdhealú

**<u>Céim 2:</u> Déan cuspóir(í) ábha(i)r agus scileanna a oiriúnú nuair is gá**

Raon d'ábhair choitianta a úsáidtear i dtógáil foirgneamh a aithint agus a imscrúdú. Déan cur síos ar agus comparáid idir na hábhair, ag tabhairt airde ar na difríochtaí maidir le dath, cruth agus uigeacht.

**Scileanna (leasaithe):** Imscrúdú, ceistiú, anailís agus cumarsáid.

**<u>Céim 3:</u> Scríobh cuspóirí foghlama/fócas na foghlama** *(An rud a theastaíonn uaim go bhfoghlaimeoidh na daltaí an tseachtain seo)*

Déanfaidh na daltaí na rudaí seo a leanas:

1. **Ainmneoidh** siad na hábhair a úsáidtear le teach a thógáil.
2. **Déanfaidh siad comparáid** idir na hábhair ó thaobh uigeachta m.sh., réidh, garbh.
3. **Tógfaidh siad** teach samplach agus míneoidh siad na hábhair a d'úsáid siad.

**Conas Plean Gearrthéarmach Éifeachtach a Dhéanamh**

1. An bhfuil na cuspóirí/an fócas foghlama soiléir agus indéanta?
2. An mínítear trí na gníomhaíochtaí/eispéiris foghlama an tslí a dtacaítear le foghlaim na ndaltaí?
3. An ndéantar dóthain idirdhealaithe?
4. An bhfuil na modhanna measúnaithe socraithe?
5. Agus an plean á chruthú agat, an ndéantar machnamh ar é a bheith sainiúil, intomhaiste, insroichte, réalaíoch agus éifeachtúil ó thaobh ama?

## Téimpléad Samplach do Mhachnamh Seachtainiúil

*Is féidir gur mhaith leat do mhachnamh a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na leideanna seo a leanas, nó b'fhéidir gurbh fhearr leat do chinn féin a úsáid.*

- Cad a d'oibrigh go h-an mhaith i mo shuíomh múinteoireachta an tseachtain seo?
- Cérbh é an nóiméad ba dhúshlánaí domsa mar mhúinteoir?
- Dá bhféadfainn rud amháin a dhéanamh chun foghlaim na ndaltaí a fheabhsú, céard é sin?
- Cad é an t-athrú/cad iad na hathruithe a d'fhéadfainn a dhéanamh ar mo phleanáil ghearrthéarmach, bunaithe ar mo thaithí sa seomra ranga?
- An raibh mé soiléir faoin méid a theastaigh uaim go bhfoghlaimeoidh na daltaí i ngach ceacht?
- Cé chomh héifeachtach is a bhí mo mhodhanna measúnaithe chun an méid a bhí foghlamtha ag na daltái a fháil amach?
- Conas a d'fhreastail mé ar riachtanais foghlama na ndaltaí éagsúla agus ar na stíleanna éagsúla foghlama sa rang? Smaoinigh ar mhodheolaíochtaí agus ar idirdhealú/cur chuige ionchuimsitheach.
- Smaoinigh ar an dul chun cinn a rinne dalta amháin an tseachtain seo. Smaoinigh ar fhoghlaim, ar iompar, ar thaithí shóisialta agus ar mhothúcháin an dalta sin. Cé chomh héifeachtach is a bhí na modheolaíochta, straitéisí teagaisc agus cuir chuige a d'úsáid mé chun tacú leis an dalta sin?
- Cé chomh héifeachtach is a d'éirigh liom foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta a chomhthathú i mo cheachtanna?

| |
|---|
| Seachtain a haon: |
| Seachtain a dó: |
| Seachtain a trí: |
| Seachtain a cheathair: |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Naíonáin Shinsearacha – Plean Samplach Mata

**Moladh:** Féach chuige go bhfuil do phleananna fócasaithe, gonta agus lánbhríoch don rang atá á mhúineadh agat.

**Dáta:** 12ú go 16ú Samhain **Leibhéal an Ranga:** Naíonáin Shinsearacha **Ábhar:** Matamaitic
**Snáithe**: Tomhais **Snáithonad:** Airgead

**Cuspóirí Ábhair:**

- Boinn suas go 20c a aithint agus boinn suas go 10c a úsáid
- Roinnt bonn a mhalartú le haghaidh bonn amháin ar comhluach agus a mhalairt
- Boinn a úsáid i ngníomhaíochtaí siopadóireachta, na boinn chearta a thairiscint, sóinseáil a ríomh/an foclóir ceart a úsáid – féach thíos
- Fadhbanna praiticiúla a réiteach le hairgead

**Scileanna:** *(Nuair is cuí)*

- Díriú ar an obair agus fadhbréiteach
- Cur i bhfeidhm
- Cumarsáid
- Cur i bhfocail

**Cuspóirí Foghlama/Fócas na Foghlama**:
Cuirfear ar chumas an dalta:

- Boinn 20c, 10c, 5c, 2c, 1c **a aithint**
- Boinn chosúla a **mheaitseáil**
- **Boinn a chur in ord** – ón gceann is mó go dtí an ceann is lú; ón gceann is lú go dtí an ceann is mó
- Na boinn atá ag teastail chun méideanna suas go 5c/10c nó níos lú a dhéanamh **a roghnú**
- Foclóir gaolmhar **a chur i bhfeidhm** sa ghnáthshaol: *costas; praghas; saor; daor; sóinseáil; an iomarca; méid róbheag*

**Gníomhaíochtaí/Eispéiris Foghlama:**

- **Déan WALT a chomhroinnt:** An tseachtain seo, táimid ag foghlaim...
- **Caint agus plé:** An méid is eol do pháistí cheana mar gheall ar airgead agus boinn
- **Múineadh Díreach:** Cuir boinn ina láthair trí úsáid a bhaint as an gclár bán idirghníomhach nó as an gclár bán maighnéadach.
- **Foghlaim Ghníomhach** ag baint úsáide as ábhair nithiúla – boinn phlaisteacha agus bréagbhia/bréagáin le lipéid phraghais: Boinn a aithint, a mheaitseáil agus a chur in ord, ina n-aonar agus ina bpéirí; gníomhaíochtaí bunaithe ar bhoinn a mhalartú.
- **Straitéisí agus Foclóir a léiriú:** Boinn a mheaitseáil – *Cé mhéad bonn 1c a bheadh uaim le 5c a dhéanamh? An bhfuil aon chaoi eile le 5c a dhéanamh? Cad is féidir liom a cheannach sa siopa leis na boinn seo le chéile?* Boinn a mhalartú – gníomhaíochtaí ar an gclár bán idirghníomhach bunaithe ar bhoinn a mhalartú
- **Mata san Fhíorshaol**: Cluiche siopa a imirt i ngrúpaí beaga leis na straitéisí agus teanga á shamhaltú ag an múinteoir agus/nó an rang.
- **Tascanna Comhdhlúthaithe agus Leathnaithe** ó thús deireadh na seachtaine: Bileog oibre 7/8
- **Ag Foghlaim Trí Shúgradh:** Is é Siopa na bPeataí an téama don mhí seo. Ag stáisiún amháin, beidh rólghlacadh siopadóireachta ar siúl.

**Acmhainní:**
Clár bán idirghníomhach, [Teideal an leabhair saothair], boinn mhaighnéadacha, fíorbhoinn i málaí, bréagshiopa agus lipéid phraghais don siopa, scipéad airgid, mála inbhraite, nithe inláimhsithe, bata comhairimh uimhirlínte.

**Idirdhealú/Ionchuimsitheach do Gach Foghlaimeoir:**
Tacaíocht: Am breise don mhúinteoir leis an ngrúpa dearg agus iad ag comhaireamh ina mbeirteanna agus ag obair le hairgead. Am breise le cluichí airgid le linn am súgartha struchtúrtha.
Luas: Críochnóidh X O'Z agus R XD an chéad leath den obair scríofa ina gcuid leabhar.
Leibhéal: Tabharfar fadhbanna níos casta do Y Mc X, U O'Y agus Z O'Y le réiteach le fíor-airgead – fadhbanna béil agus fadhbanna scríofa.

**Measúnú:**
Tascanna agus Trialacha deartha ag an Múinteoir Bileog oibre comhdhlúthaithe chun boinn suas go 20c a aithint agus a mhalartú.
Breathnóireacht an Mhúinteora: *Conas a thugann an dalta faoin tasc? An gcuireann an dalta luach gach boinn san áireamh nuair a chomhairtear iad? An nascann said a gceacht matamaitice lena súgradh struchtúrtha? An dtugann siad an t-ainm ceart ar gach bonn?* Seicliosta a úsáidtear chun tacú le breathnóireacht an mhúinteora le linn súgradh struchtúrtha agus obair ghrúpa. (Tá an seicliosta san fhillteán measúnaithe).
Ceistiú an Mhúinteora: *Cad is ainm don bhonn seo? Conas is féidir liom na boinn seo le 10c a dhéanamh? An bhfuil slí eile le hé sin a dhéanamh?*


**Nascadh agus Comhtháthú:**
Mata: Uimhirscéalta-Dul siar ar uimhirscéalta le hairgead m.sh, 5c + 2c = 7c;
Béarla: Teanga ó Bhéal-Príomhfhoclóir a úsáid sa chomhthéacs ceart agus iad i mbun cumarsáide sa súgradh struchtúrtha;
OSPS: Dul i gcomhar le chéile le linn gníomhaíochtaí foghlama;
Gaeilge: Ag siopadóireacht- Foclóir bia-úll, arán, cáca milis le linn gníomhaíocht struchtúrtha i mbréagshiopa;

**Machnamh:** Féach an *Teimpléad Samplach do Mhachnamh Seachtainiúil* ar lch. 18 den doiciméad seo chun tacú le do chuid machnamh.


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Plean Gearthéarmach Samplach do Rang Speisialta – Béarla (CTB san áireamh)

Ag úsáid Curaclam Teanga na Bunscoile chun cuspóirí teanga a bhaint amach do dhaltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais




**Dáta:** 6/3/23-10/3/23 **Leibhéal an Ranga:** Seisear daltaí le deacrachtaí foghlama ginearálta meánacha/diana acu

**Múinteoir:** Iníon Uí Chúipéir **Téama:** Earrach <u>Grúpa A:</u>SL, RE agus BH <u>Grúpa B:</u> PG, EM agus OS

**Ábhar:** Teanga agus Cumarsáid **Snáithe:** Teanga ó Bhéal **Eilimint:** Cumarsáid, Taiscéalaíocht agus Úsáid

| **Cuspóirí Ábhair/Torthaí Foghlama** | **Contanaim Dhul chun Cinn/Cosáin Tacaíochta Breise** | **Gníomhaíochtaí/Eispéiris Foghlama** |
|---|---|---|
| *Go mbeidh ar chumas an dalta:*<br><br>**Lipéad:** Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird<br>**Toradh Foghlama**: Spéis agus comhaird a léiriú agus éisteacht go gníomhach agus aird a thabhairt ar mhaithe le spraoi agus cúiseanna faoith leith, agus I dteangacha eile nuair is cuí. | <u>Grúpa A: Mionchéim Dhul chun Cinn C</u><br>Tugann gach dalta aird ar feadh tréimhsé níos faide ar spreagthaí suimiúla nó coitianta lena n-áirítear: gníomhartha, gothaí, tuin ghutha, comhráite agus scéalta a léitear os ard, agus glacann siad páirt i rainn, amhráin agus cluichí.<br><br><u>Grúpa B: Cosán Breise Tacaíochta-Freagairt</u><br>Léiríonn gach páiste cumas spéis a chur go gníomhach nó ar bhealach fiuntach sa timpeallacht foghlama. Tosaíonn siad ar na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo agus a sainroghanna a chur in iúl. Freagraíonn gach dalta go gníomhach do ghníomhaíocht foghlama le tacaíocht nó gan tacaíocht. | <u>Grúpa A:</u><br>Prapaí a úsáid le cur ar chumas an ghrúpa síol, duilleog, bláth, pota agus uisce a thuiscint.<br>An scéal 'The Tiny Seed' le Eric Carle a léamh arís agus arís eile i rith na seachtaine<br><br><u>Grúpa B:</u><br>Deiseanna a chur ar fáil (le tacaíocht ón gCuntóir Riachtanais Speisialta) uigeacht, boladh agus fuaim síolta, duilleoige, blátha agus uisce a iniúchadh.<br>An scéal 'The Tiny Seed' le Eric Carle a léamh arís agus arís eile i rith na seachtaine. |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

<table>
<tr>
<td>Lipéad: Eolas, míniú agus údar a thabhairt<br>Toradh Foghlama: Pointí eolais a sholáthar agus a mhíniú, agus údar a thabhairt leis an lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad, ag úsáid teanga shainiúil an ábhair</td>
<td colspan="2"><u>Grúpa A: Mionchéim Dhul chun Cinn B</u><br>Cuireann gach páiste eolas a bhaineann le topaic/téama ar leith ar fáil.<br><br><u>Grúpa B: Cosán Breise Tacaíochta-Aird a Thabhairt</u><br>Dírionn gach páiste aird ar agus glacann said páirt i ngníomhaíochtaí foghlama a chuirtear i lathair trí ghothaí, stáidiúir, guthú, féachaint na súl, gluaiseacht srl. a athrú le léiriú go bhfuil siad compórdach sa timpeallacht foghlama.</td>
<td><u>Grúpa A:</u><br>Na comharthaí ‘Lámh’ le haghaidh na focail bláth agus fás a chur ina láthair (SL, RE)<br>Aithneoidh BH ó bhéal na focail bláth, duilleog agus uisce i bhfocail le tacaíocht ó na PECanna<br><br><u>Grúpa B:</u><br>Cuirfidh an múinteoir na spreagthaí i láthair (propaí atá liostaithe thuas) a spreagfaidh freagairtí tri ghuth, gothaí nó breathnú sa tsúil.</td>
</tr>
<tr>
<td>Acmhainní:<br>✓ An scéal ‘The Tiny Seed’ le Eric Carle<br>✓ PECS<br>✓ Prapaí: duilleog, bláth, canna spréite, uisce, síol, ithir,pota</td>
<td>Cur chuige Ionchuimsitheach:<br>Nascadh le Plean Tacaíochta Scoile Móide/Plean Tacaíochta Scoile gach páiste.<br><br>Déantar idirdhealú ar ghníomhaíochtaí/eispéiris foghlama de réir láidreachtaí agus riachtanais a aithnítear i bPlean Tacaíochta Scoile Móide/bPlean Tacaíochta Scoile gach páiste.<br><br>Go sonrach: Modh Cumarsáide<br>• Lámh á úsáid ag ST agus RE: tosú ar na comharthaí le haghaidh na focail bláth agus fás.<br>• BH a spreagadh chun teanga ó bhéal a mhéadú, a mhaoiniú agusa úsáid: tosnú ar na focail bláth, duilleog agus uisce.</td>
<td>Measúnú:<br><u>Breathnóireacht an Mhúinteora:</u> Nótaí gearra breactha síos d’idirghníomhaíocht, de rannpháirtíocht agus de fhoghlaim na ndaltaí.<br><br><u>De Réir Toraidh:</u> An féidir leis na daltaí a modh cumarsáide féin a úsáid chun foclóir nua atá foghlamtha acu a léiriú.</td>
<td>Nascadh agus Comhtháthú:<br><u>OSIE: Tíreolaíocht</u> (timpeallacht áitíúil agus náisiúnta) Go mbeidh na páistí feasach ar ghnéithe áirithe d’imshaoil nádúrtha i ngairdín céadfach na scoile, agus iad a fhiosrú agus a chur in iúl.<br><br><u>Eolaíocht</u> Fachtóirí atá riachtanach chun síolta a chur ag fás a aithint, m.sh., uisce a chur ar na síolta gach lá mar chuid de ghnáthamh maidine. Cad a tharlóidh mura gcuirim uisce orthu?</td>
</tr>
<tr>
<td colspan="4">Machnamh: Féach ar an Téimpléad Samplach do Mhachnamh Seachtainiúil ar lch. 18 chun tacú le do phleanáil ghearrthéarmach.</td>
</tr>
</table>

## Creat Pleanála don Súgradh

Comhlánaíonn an chreat seo an Plean Gearrthéarmach. Tacaíonn sé leis an múinteoir an seomra ranga agus na hacmhainní don súgradh faoi threoir an dalta a eagrú. Braithfidh an tréimhse ama don phlean súgartha ar an topaic, ar spéis agus rannphairtíocht an dalta, agus ar an bhfoghlaim atá á tacú tríd an súgradh. Maireann an tréimhse ama idir dhá agus ceithre seachtaine go hiondúil. Is modheolaíocht í súgradh faoi threoir an dalta ar feadh uair an chloig sa lá a chuirtear chun cinn in Aistear (CNCM, 2009) do ranganna naíonán. Tá an modheolaíocht seo forbartha ag roinnt scoileanna le húsáid i ranganna eile freisin.

primary developments fóráis sa bhunscolaíocht

# Creat Pleanála don Súgradh

Aistear NCCA

| **Topaic Súgartha:** | | **Tréimhse Ama:** | |
|---|---|---|---|
| Teanga (á mhúineadh i ranganna aonair): | | | |
| Mata (á mhúineadh i ranganna aonair): | | | |
| **Ceantar Súgartha** | **Príomhacmhainní** | **Comhtháthú Curaclaim** | **Machnamh an Mhúinteora** |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |



Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers